# An Aimsir

## Abairtí Úsáideacha

| | |
|---|---|
| 1. | Lá breá brothallach a bhí ann. |
| 2. | Bhí brat bán sneachta ar an talamh. |
| 3. | Bhí sé ró-ghaofar chun dul amach. |
| 4. | Bhí tuile san abhainn leis an mbáisteach a thit aréir. |
| 5. | Sheamhnaigh mé ar an leac oighir. |
| 6. | Ní dheachaigh mé amach sa ghaoth inné. |
| 7. | Bhí an ghrian go hard sa spéir. |
| 8. | Tháinig mé abhaile mar bhí an ghrian ag dul faoi. |
| 9. | Lá breá Earraigh a bhí ann. |
| 10. | Bhí an aimsir go hiontach. |
| 11. | Beidh sé tirim maidin amárach. |
| 12. | Tá an ghrian ag scoilteadh na gcloch. |
| 13. | Tá nimh san fhuacht. |
| 14. | Bhí an ghaoth ag séideadh go láidir. |

Seomra Ranga

© Seomra Ranga 2021 www.seomraranga.com

# An Aimsir

## Abairtí Úsáideacha

| | |
|---|---|
| 15. | Bhí mé fliuch báite leis an mbáisteach. |
| 16. | Ní fada anois go dtitfidh an bháisteach. |
| 17. | Ní fada anois go dtitfidh an sneachta. |
| 18. | Tráthnóna breá fómhair a bhí ann. |
| 19. | Oíche fhuar gheimhridh a bhí ann. |
| 20. | Bhí calóga boga bána ag titim anuas. |
| 21. | Bhí an aimsir róthe agus bhain mé mo chóta díom. |
| 22. | Shleamhnaigh an carr ar an leac oighir. |
| 23. | Is maith liom na laethanta fada breátha sa samhradh. |
| 24. | Bhí sé ag cur sneachta ar feadh na hoíche. |
| 25. | Bhí sioc ann agus bhí an talamh chomh crua le cloch. |
| 26. | Bhí an-spórt ag na páistí ag sleamhnú ar an leac oighir. |
| 27. | Bhí sé ag cur báistí gan stad gan staonadh. |

Seomra Ranga

© Seomra Ranga 2021 www.seomraranga.com

# An Aimsir

## Abairtí Úsáideacha

| | |
|---|---|
| 28. | Um thráthnóna, thosaigh an toirneach agus tintreach. |
| 29. | Leag an ghaoth crainn ar fud na háite. |
| 30. | Leath na súile ar na páistí nuair a chonaic siad brat bán sneachta ar an talamh. |
| 31. | Bhí mé ag crith leis an bhfuacht. |
| 32. | Bhí sé ró-fhuar chun dul amach ag súgradh. |
| 33. | Lá fuar feannaideach a bhí ann. |
| 34. | Shleamhnaigh mé uair nó dhó ar an leac oighir. |
| 35. | Lá scamallach a bhí ann. |
| 36. | Bhí an sliabh bán le sneachta. |
| 37. | Bhí an ghaoth ag éirí. |
| 38. | Tá seans maith go mbeidh sé ag cur sneachta amárach. |
| 39. | D'éirigh an spéir scamallach dorcha. |
| 40. | D'éirigh sé stoirmiúil go tobann. |

Seomra Ranga

© Seomra Ranga 2021 www.seomraranga.com

# An Aimsir

## Abairtí Úsáideacha

| | |
|---|---|
| 41. | Bhí tintreach le feiceáil agus bhí toirneach le cloisteáil. |
| 42. | Bhí scamaill mhóra dhubha ag dul trasna na spéire. |
| 43. | Tháinig feabhas ar an aimsir. |
| 44. | Stop an bháisteach agus d'éirigh an ghaoth níos laige. |
| 45. | Bhí sé deacair aon rud a chloisteáil leis an ngaoth. |
| 46. | Bhí sé nimhneach fuar aréir. |
| 47. | Bhí sé meirbh agus te. |
| 48. | Lá fuar, fliuch, fiáin a bhí ann. |






Seomra Ranga

© Seomra Ranga 2021 www.seomraranga.com

# Resources used in this file from:

https://www.teacherspayteachers.com/Store/Hello-Literacy

https://www.textgiraffe.com/

https://www.teacherspayteachers.com/Store/Clipartino

https://www.teacherspayteachers.com/Store/Krista-Wallden-Creative-Clips

Seomra Ranga

© Seomra Ranga 2021 www.seomraranga.com